Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead teoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €21.773 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Athruithe struchtúracha***

Laghdaíodh an líon clár sa Vóta Dlí agus Cirt ó chúig chlár chuig dhá chlár chun go ndéanfaí léiriú níos fearr ar struchtúr na Roinne ag eascairt ón bpróiseas leanúnach bunathraithe: colún ceartais choiriúil agus colún ceartais shibhialta.

Laistigh de chlár an cholúin ceartais choiriúil, cruthaíodh fo-mhírcheann nua ar leith sa bhliain 2021 don Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta (Fo-mhírcheann B.14).

Léirítear na hathruithe i struchtúr an Vóta sa chaiteachas comparáideach don bhliain 2020 freisin.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Cuntasaíocht grúpa maidir le sócmhainní seasta***

Áirítear le Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa na luachanna sócmhainní seasta agus muirir ghaolmhara dhímheasa i ndáil le sócmhainní atá faoi úinéireacht na Roinne agus roinnt de na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a ndéantar a dtaifid chuntasaíochta a choinneáil trí ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais na Roinne.

***Cuntasaíocht grúpa maidir le banc agus airgead tirim***

Áirítear le Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna bainc agus airgid thirim atá i seilbh roinnt comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Tá tairseach €10,000 curtha i bhfeidhm chun sócmhainní caipitil a chaipitliú i gcomhair breiseanna sócmhainne ón 1 Eanáir 2021.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta ón gcéad mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm. Déantar foirgnimh a dhímheas ag ráta 2% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá litir dearbhaithe maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm curtha ar fáil agam do na hOifigigh Chuntasaíochta atá ag fáil seirbhísí comhroinnte airgeadais ó ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais (SCA) na Roinne i gCill Airne.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bheadh i gceist don Roinn obair an choiste. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus cuirtear anailís san áireamh iontu. Féachtar sna pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir a mhéid agus is féidir laistigh dá rialú. Baineann sí leas as bunachar sonraí lárnach um chomhaontuithe le soláthraithe chun cros-seiceáil a dhéanamh de láimh ar thuarascálacha caiteachais a tharraingítear as an gcóras bainistíochta airgeadais chun a chinntiú go mbíonn caiteachas ag

teacht le nósanna imeachta cuí soláthair. Tá formhór mór na dtairiscintí á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig.

Tá an Roinn comhlíontach seachas i gcás ocht gconradh déag dar luach os cionn €25,000 (gan CBL a áireamh) agus a ndeachthas ina mbun gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist, agus iad dar luach iomlán €8,081,078 (gan CBL a áireamh) mar atá leagtha amach thíos. Meastar na conarthaí sin a bheith neamhchomhlíontach de bharr gur cuireadh síneadh leo thar dháta bunaidh an chonartha gan próiseas ná tionscadal iomaíoch nua a reáchtáil. Is mar seo a leanas atá an staid reatha i ndáil leis na conarthaí sin

- Cuireadh conarthaí nua a soláthraíodh go hiomaíoch in ionad trí chonradh dar luach comhcheangailte €4.2 milliún.
- Tá comórtais le haghaidh aon chonradh déag dar luach iomlán €3 mhilliún a athsholáthar ar siúl cheana féin nó tá na hullmhúcháin riachtanacha á ndéanamh chun dul ar an margadh chomh luath agus is féidir.
- Fadaíodh trí chonradh dar luach iomlán €788,000 chun aistriú chuig córais nua a cheadú agus fadaíodh conradh amháin dar luach €64,000 chun aistriú chuig suíomh nua a éascú.

Tá sonraí faoi 41 chonradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn ina tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na Roinne.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-

iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Ag eascairt ó na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchta le déanaí, tá an Roinn i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus riar deontas.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar an bhfeidhm soláthair a choimisiúnú freisin d'fhonn na struchtúir agus na próisis a neartú as seo amach. Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach airgeadais in 2021 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Saincheisteanna rialaithe phaindéim Covid-19***

Ó thosaigh an phaindéim, leagadh béim mhór ag an uile leibhéal den bhainistíocht ar fud na Roinne ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim Covid-19. Ba trí Ghrúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 a bhunú agus trí obair an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a rinneadh riosca a mheasúnú. Áirítear ar na rioscaí nua an tionchar ar leanúnachas gnó, cianobair chomh maith le rialuithe breise maidir le hoibreáin bhitheolaíocha.

Bhí tionchair i gceist ó thaobh na reachtaíochta de, lena n-áirítear i ndáil le bearta a bhí faoi stiúir na Roinne Sláinte. Áiríodh orthu sin athruithe reachtacha ar chumhachtaí na nGardaí. Bhí impleachtaí ag na hathruithe a rinneadh maidir le taisteal idirnáisiúnta agus bearta a cheanglaítear ar dhaoine ag teacht chun an Stáit dóibh ar oibríochtaí an Aonaid um Bainistíocht Teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, cuireadh síneadh sealadach le ceadanna inimirce ón Roinn seo in 2021 mar gheall ar an bpaindéim.

Cé gur leanadh leis na príomhrialuithe íocaíochta ar feadh na paindéime, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis áirithe chun sonraisc a cheadú ó chian agus foirmeacha íocaíochta a cheadú trí ríomhphost, nuair ba ghá. Cuireadh rochtain shlán chianda ar fáil ar chórais a bhí ann cheana chun go mbeadh baill foirne a bhí ag obair go cianda ábalta rochtain a fháil ar a bpolasaithe, nósanna imeachta agus lámhleabhair oibre mhionsonraithe a bhí ann cheana. Lean an tAonad Airgeadais agus Soláthair agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na n-athruithe a rinneadh ar na próisis a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19.

Bhí gá ann le láithreacht foirne a choinneáil i roinnt oifigí de chuid na Roinne le linn na paindéime agus d'oibrigh an bhainistíocht shinsearach agus bainistíocht na n-oifigí aonair go fíordhlúth leis an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde chun a chinntiú go mbeadh na bearta cuí i bhfeidhm d'fhonn sábháilteacht foirne a chosaint an t-am ar fad agus go mbeadh na bearta sin de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí. Dar ndóigh, mar thoradh ar na srianta a bhí i gceist ar an líon ball foirne a raibh cead acu a bheith san oifig ag aon am faoi leith, bhí moill ann ar chásanna a phróiseáil, go háirithe i réimsí oibríochta ina mbíonn éileamh mór i gceist leo, amhail soláthar seirbhísí inimirce. Cé go bhfuiltear ag leanúint den chianobair, is gá gnéithe den obair ar chásanna a dhéanamh in oifigí, go háirithe nuair a bhíonn próisis pháipéarbhunaithe i gceist. Táthar ag leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis agus tiocfaidh feabhas ar chúrsaí de réir mar a dhéantar tuilleadh uathoibrithe, nuair is féidir é sin a dhéanamh, ach ní bheidh réimsí áirithe ábalta filleadh le linn 2021 ar na leibhéil táirgiúlachta a bhí ann roimh phaindéim Covid-19 i bhfianaise na srianta atá ar an líon foirne atá ábalta freastal ar na hoifigí.

Rinne an Roinn roinnt suirbhéanna, seimineár agus treoracha ar dhea-chleachtas a eagrú i rith na paindéime. Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil agus coinnítear i dteagmháil le baill foirne trí ghlaonna Zoom agus trí chineálacha eile cumarsáide.

Áirítear iad seo a leanas ar chuid de na bearta sonracha atá déanta ag leibhéal na Roinne

- treoir maidir lena bheith ag obair go héifeachtach ón mbaile a eisiúint chuig an bhfoireann ar fad
- forbairt a dhéanamh ar threoirlínte cianoibre do bhainisteoirí agus iad a eisiúint chuig gach bainisteoir
- forbairt a dhéanamh ar stór tiomnaithe acmhainní Covid-19 ar thairseach na Roinne
- tionscnamh folláine acmhainní daonna a chur i bhfeidhm.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2022

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Ceart agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A An colún ceartais choiriúil | | | | |
| *Bunaidh* | 319,191 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 3,900 | | | |
| *Forlíontach* | 12,580 | | | |
| | | 335,671 | 316,117 | 256,209 |
| B An colún ceartais shibhialta | | | | |
| *Bunaidh* | 156,923 | | | |
| *Forlíontach* | 217 | | | |
| | | 157,140 | 150,911 | 142,997 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 476,114 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 3,900 | | | |
| *Forlíontach* | 12,797 | | | |
| | | **492,811** | **467,028** | **399,206** |
| *Lúide* | | | | |
| C **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 76,605 | | | |
| *Forlíontach* | 12,796 | | | |
| | | **89,401** | **90,513** | **72,192** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 399,509 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 3,900 | | | |
| *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | **403,410** | **376,515** | **327,014** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán nó cuid d’aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €5,122,000 de leithreasaí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ar aghaidh go 2022.

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 26,894,827 | 23,979,793 |
| Géilleadh iarchurtha | (5,122,000) | (3,900,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **21,772,827** | **20,079,793** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 339,446 | 277,527 |
| Pá | | 78,797 | 73,460 |
| Neamhphá | | 48,785 | 48,219 |
| **Ollchaiteachas** | | **467,028** | **399,206** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **90,513** | **72,192** |
| **Glanchaiteachas** | | **376,515** | **327,014** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (53,168) | | |
| Dímheas | 5,022 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 1 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | (48,144) | (17,574) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (515) | | |
| Méadú ar stoc | (746) | (1,261) | 11,848 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **327,110** | **321,288** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 50,401 | 48,962 |
| Measchíosanna | | 4,860 | 4,860 |
| **Glanchostas an chláir** | | **382,371** | **375,110** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 373 | 334 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 45,791 | 39,546 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 8,418 | 12,810 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 247 | 248 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 160 | 209 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 70 | 83 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 205 | 193 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (4,863) | (4,461) |
| | | **50,401** | **48,962** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 90,645 | 42,501 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 19,875 | 17,763 |
| Stoic | 2.3 | 1,820 | 1,074 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 5,376 | 5,718 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,974 | 3,608 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 4,129 | 3,958 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **35,174** | **32,121** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 7,477 | 8,098 |
| Ioncam iarchurtha | | 187 | 57 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 18,949 | 15,899 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 5,055 | 5,822 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **31,668** | **29,876** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 3,506 | 2,245 |
| **Glansócmhainní** | | **94,151** | **44,746** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **94,151** | **44,746** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil [a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 6,901 | 2,093 | 108,071 | 2,697 | 22,644 | 142,406 |
| Breiseanna | — | 237 | 2,910 | 37 | 49,984 | 53,168 |
| Tugtha in úsáid | — | — | 4,113 | — | (4,113) | — |
| Aistriú amach [b] | — | (27) | — | — | — | (27) |
| Diúscairtí | — | — | (179) | — | — | (179) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 6,901 | 2,303 | 114,915 | 2,734 | 68,515 | 195,368 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 1,722 | 1,413 | 94,360 | 2,410 | — | 99,905 |
| Dímheas don bhliain | 138 | 286 | 4,535 | 63 | — | 5,022 |
| Dímheas ar aistriú amach[b] | — | (27) | — | — | — | (27) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (177) | — | — | (177) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 1,860 | 1,672 | 98,718 | 2,473 | — | 104,723 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **5,041** | **631** | **16,197** | **261** | **68,515** | **90,645** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 5,179 | 680 | 13,711 | 287 | 22,644 | 42,501 |

Nóta [a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

[b] Aistríodh mótarfheithicil a raibh costas bunaidh €27,000 ag baint léi ón Roinn chuig an nGarda Síochána

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 11,888 | 9,516 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 7,987 | 8,247 |
| | **19,875** | **17,763** |

Áirítear ar na hiarmhéideanna cuntais bainc tráchtála iarmhéideanna dar luach €1.422 milliún a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 120 | 132 |
| Ábhair inchaite fhóiréinseacha | 713 | 486 |
| Ábhair inchaite TF | 57 | 48 |
| Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil | 796 | 244 |
| Ilghnéitheach | 90 | 128 |
| Trealamh/éadach | 44 | 36 |
| | **1,820** | **1,074** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Riarachán (v). Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,766 | 3,262 |
| *(cothabháil agus tacaíocht córas TFC, lena n-áirítear ceadúnú)* | | |
| Riarachán (ix). Seirbhísí comhroinnte airgeadais | 1,088 | 714 |
| *(cothabháil agus tacaíocht córas TFC, lena n-áirítear ceadúnú, den chuid is mó)* | | |
| A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | 997 | 572 |
| *(trealamh eolaíoch a chothabháil, etc.)* | | |
| B.6 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 614 | 492 |
| *(cothabháil córas TFC agus feachtais feasachta sna meáin den chuid is mó)* | | |
| A.4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 458 | 398 |
| A.6 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 207 | 197 |
| B.5 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | 124 | 19 |
| *(costais riaracháin éagsúla, lena n-áirítear cothabháil agus tacaíocht córas TFC, ceadúnú san áireamh, den chuid is mó)* | | |
| A.19 An tÚdarás Slándála Príobháidí | 98 | 9 |
| *(costais riaracháin éagsúla, lena n-áirítear feachtais spriocdhírithe sna meáin)* | | |
| Fo-mhírchinn eile | 24 | 55 |
| *(costais éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht agus cothabháil TFC)* | | |
| | **5,376** | **5,718** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 3,414 | 2,342 |
| Óinchistí | 52 | 55 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe maidir leis an scéim pas taistil | 233 | 250 |
| Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla | 105 | 20 |
| Cuntas fionraí párolla (Paypath) | 200 | 970 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 125 | 321 |
| | **4,129** | **3,958** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| A.15 agus A.16 Scéimeanna um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil | 5,102 | 5,073 |
| B.10 An tSeirbhís Chróinéara *(costais éagsúla, lena n-áirítear costais dlí)* | 592 | 66 |
| Riarachán (iii). Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha *(costais éagsúla, lena n-áirítear costais dlí)* | 470 | 765 |
| Riarachán (v). Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 274 | 548 |
| Riarachán (iv). Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 198 | 170 |
| A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann *(costais éagsúla, lena n-áirítear ábhair inchaite, ceimiceáin agus trealamh)* | 154 | 131 |
| A.8 An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin | 134 | 117 |
| A.23 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 98 | 232 |
| A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil | 51 | 469 |
| Fo-mhírchinn eile (*costais riaracháin agus oibriúcháin éagsúla ar fud 22 fho-mhírcheann eile)* | 404 | 527 |
| | **7,477** | **8,098** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 2,224 | 2,088 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,280 | 1,237 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 2,308 | 1,712 |
| Cáin bhreisluacha | 330 | 497 |
| Iarmhéideanna i gcuntais roinne | 7,987 | 8,247 |
| | 14,129 | 13,781 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 686 | 687 |
| Réamhíocaíocht CSE i ndáil le maoiniú tionscadal um chuimsiú sóisialta 2014–2020 | 1,374 | 1,374 |
| Réamhíocaíochtaí an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014–2020 | 2,700 | — |
| Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste | 37 | 26 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 23 | 31 |
| | **18,949** | **15,899** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 21,773 | 20,080 |
| Géilleadh iarchurtha | 5,122 | 3,900 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (21,840) | (18,158) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **5,055** | **5,822** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 19,875 | 17,763 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4,129 | 3,958 |
| | 24,004 | 21,721 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (14,129) | (13,781) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (4,820) | (2,118) |
| | 18,949 | (15,899) |
| | | |
| | **5,055** | **5,822** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 44,746 | 39,723 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 403,410 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (5,122) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (21,773) | | |
| Glanvóta | | | 376,515 | 327,014 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 50,401 | 48,962 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 4,860 | 4,860 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (382,371) | (375,110) |
| Aistriú sócmhainní caipitil | 2.1 | | — | (703) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **94,151** | **44,746** |

## 2.10 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 11,356 | 13,779 |
| Tionscadail chaipitil | 31,687 | 81,772 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **43,043** | **95,551** |

**b) Tionscadail chaipitil ollmhóra**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadal sna blianta ina dhiaidh | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2021 | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | **19,141** | **49,373** | **31,004** | **99,518** | **99,518** |

## 2.11 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2021 ná sa bhliain roimhe sin.

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Féach Nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 67,078 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,340 | | | |
| | | | | 74,418 | 74,356 | 69,221 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 985 | | | |
| | | *Forlíontach* | (299) | | | |
| | | | | 686 | 513 | 535 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,154 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,599 | | | |
| | | | | 18,753 | 17,572 | 18,699 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 2,096 | 2,615 | 2,734 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | 17,766 | 16,132 | 13,948 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | 3,055 | 4,501 | 4,050 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 68 | 336 | 89 |
| viii | Taighde | | | 1,286 | 637 | 741 |
| ix | Seirbhísí comhroinnte airgeadais[a] | | | 6,757 | 6,693 | 6,135 |
| x | Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,600) | | | |
| | | | | 5,400 | 4,227 | 5,527 |
| | | | | **130,285** | **127,582** | **121,679** |

Nóta [a] Áirítear costais phá an ionaid seirbhísí comhroinnte airgeadais dar luach €4,440,667 (2020: €4,239,131) i gcostais na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Muirearaítear an costas sin chuig.

Clár A - An Colún Ceartais Choiriúil, fo-mhírcheann A.1 Riarachán - pá.

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €985,000; toradh €513,000*

Is mar thoradh ar chiorruithe ar thaisteal na Roinne de bharr thionchar shrianta Covid-19 go príomha a tháinig an tearc-chaiteachas €472,000 chun cinn.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €9.154 milliún; toradh €17.572 milliún*

Bhí an farasbarr €8.418 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh €9.154 milliún comhdhéanta go príomha de chostais agus socraíochtaí dlí (€4.9 milliún) agus costais agus táillí riaracháin eile (€3.9 milliún), lena n-áirítear seirbhísí ar chonradh a fritháiríodh le tearc-chaiteachas i réimsí eile laistigh den fho-mhírcheann amhail oiliúint agus forbairt foirne (€400,000).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €2.096 milliún; toradh €2.615 milliún*

Bhí farasbarr caiteachais €519,000 i gceist mar gheall, go príomha, ar chostais phoist a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a bhain le cártaí ceada cónaitheoirí a eisiúint mar chuid den phróiseas clárúcháin inimirce.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €3.055 milliún; toradh €4.501 milliún*

Bhain an farasbarr €1.45 milliún go príomha leis na costais ar chóiríocht a fháil ar cíos/a léasú a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo agus le tuilleadh riachtanas i dtaobh oifigí a ghlanadh de thoradh phaindéim Covid-19.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €68,000; toradh €336,000*

Bhain an farasbarr caiteachais €268,000 go príomha leis an ngá le sainchomhairle chomhairleachta sheachtrach a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis i réimsí áirithe sa Roinn, lena n-áirítear Iniúchóireacht Inmheánach agus Beartas um Cheartas Coiriúil.

**viii Taighde**

*Soláthar meastacháin €1.286 milliún; toradh €637,000*

Coiglíodh €649,000 mar gheall, go príomha, gur cuireadh moill ar thionscadail taighde de dheasca an tionchair a bhí ag Covid-19, go háirithe i gcás go raibh obair allamuigh aghaidh ar aghaidh beartaithe. Mar thoradh ar an am a tógadh le linn an phróisis pleanála agus soláthair do thionscadail eile, níor cuireadh tús leis na tionscadail seo go dtí an dara leath den bhliain 2021 agus, dá réir sin, ní bheidh íocaíocht dlite go dtí an bhliain 2022.

**x Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta**

*Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €4.227 milliún*

Ba é ba chúis leis an gcoigilteas €5.773 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh ná caiteachais maidir leis an ngné Ceartais den chlár a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.Áirítear leis sin tionscadail amhail an clár nuachóirithe um Sholáthar Seirbhísí Inimirce a thabhaigh níos lú caiteachais, ar feitheamh pleanáil níos mionsonraithe a dhéanamh agus soláthar a chur i gcrích. Bhí moill ann sa slabhra soláthair freisin maidir le soláthar agus seachadadh trealaimh theicniúil áirithe chun tacú le cianobair.

## Clár A An Colún Ceartais Choiriúil

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 26,789 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,422 | | | |
| | | | | 29,211 | 28,978 | 27,083 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,759 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,551 | | | |
| | | | | 18,310 | 17,608 | 17,182 |
| A.3 | Oifig Chigire na bPríosún | | | 1,954 | 1,349 | 638 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | | | 11,273 | 11,583 | 11,124 |
| A.5 | Cigireacht an Gharda Síochána | | | 1,315 | 1,010 | 1,079 |
| A.6 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | | | 9,961 | 10,111 | 10,401 |
| A.7 | An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 24,499 | | | |
| | | *Forlíontach* | (800) | | | |
| | | | | 23,699 | 23,308 | 21,949 |
| A.8 | An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin | | | 4,885 | 4,141 | 4,002 |
| A.9 | An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí | | | 17,532 | 17,529 | 16,866 |
| A.10 | An Scéim um Orduithe Seirbhíse Pobail | | | 3,075 | 2,527 | 1,984 |
| A.11 | Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig | | | 14,514 | 15,110 | 13,919 |
| A.12 | Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéis agus drochíde sa teaghlach | | | 4,104 | 3,744 | 2,001 |
| A.13 | An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | | | 439 | 289 | 302 |
| A.14 | Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 11,016 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,000) | | | |
| | | | | 7,016 | 2,301 | 6,815 |
| A.15 | Cúnamh Dlí – coiriúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 69,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | | 77,000 | 73,466 | 62,224 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A.16 | Cúnamh Dlí – saincheisteanna caomhnóireachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,500 | | | |
| | | | | 6,500 | 6,031 | 4,257 |
| A.17 | An Bord Parúil | | | 1,331 | 589 | 133 |
| A.18 | Bearta coiscthe coireachta | | | 1,197 | 1,049 | 489 |
| A.19 | An tÚdarás Slándála Príobháidí | | | 3,835 | 3,744 | 3,285 |
| A.20 | Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe - múscailt feasachta agus oiliúint | | | 2,997 | 2,700 | 2,464 |
| A.21 | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 72,730 | | | |
| | | *Géilleadh Iarchurtha* | 3,900 | | | |
| | | | | 76,630 | 72,384 | 33,779 |
| A.22 | Oifig an Phaiteolaí Stáit | | | 988 | 1,119 | 1,088 |
| A.23 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,324 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,907 | | | |
| | | | | 8,231 | 6,658 | 6,406 |
| A.24 | Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | | | | |
| | | | | 9,674 | 8,789 | 6,739 |
| | | | | **335,671** | **316,117** | **256,209** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €6.97 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (lena n-áirítear an soláthar caipitil iarchurtha), in ainneoin róchaiteachas €3.038 milliún i ndáil le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn clár agus is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí an difríocht i gcaiteachas i gceist.

**A.3 Oifig Chigire na bPríosún**

*Soláthar meastacháin €1.954 milliún; toradh €1.349 milliún*

Is de thoradh moilleanna maidir le hearcú foirne breise go príomha a bhí an choigilt €605,000 ann. Bhí sé réamh-mheasta ag an Oifig go bhféadfaí na poist sin a líonadh níos luaithe sa bhliain, ach mar gheall ar éilimh iomaíocha sa phróiseas ceapachán poiblí, líonadh na poist níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí cuid de na poist fós le líonadh ag deireadh na bliana. Bhí tionchar díreach ag an moill ar earcaíocht ar chostais tacaíochta a réamh-mheasadh do bhaill foirne nua freisin, lena n-áirítear trealamh nua TFC, oiliúint, taisteal agus cothú. Chomh maith leis sin, bhíothas ag súil leis go mbunófaí Painéal Saineolaithe agus go mbeadh sé i mbun oibre le linn 2021, ach is in 2022 a bheidh sé sin i bhfeidhm anois, agus bhí sé seo ina chúis le cuid den choigilt.

**A.5 Cigireacht an Gharda Síochána**

*Soláthar meastacháin €1.315 milliún; toradh €1.01milliún*

Gá laghdaithe le caiteachas ar chothabháil oifige ba chúis leis an gcoigilt €305,000, go príomha, rud a tharla mar gheall ar iarchur oibreacha cothabhála, mar gheall nár athsholáthraíodh trealamh, mar gheall ar laghdú ar chostais reatha oifige agus mar gheall ar chostais riaracháin ghinearálta de thoradh aistrithe chuig cianobair d'fhonn cloí le ceanglais sláinte poiblí den chuid is mó den bhliain 2021 (€232,000). Chomh maith leis sin, bhí coigilt sa bhuiséad pá (€73,000) i gceist mar gheall ar an am a thóg sé folúntas a líonadh ag leibhéal an Leas-Phríomhchigire tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

**A.7 An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €24.499 milliún; toradh €23.308 milliún*

Tháinig coigilteas €1.191 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh mar gheall ar roinnt folúntas agus moilleanna maidir le poist a líonadh. Tá na próisis riachtanacha earcaíochta i bhfeidhm agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na folúntais a líonadh.

**A.8 An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin**

*Soláthar meastacháin €4.885 milliún; toradh €4.141 milliún*

Tháinig an choigilt €744,000 chun cinn mar gheall nach raibh an caiteachas beartaithe a bhain leis an bhfeistiú oifige i bhfoirgneamh nua na Seirbhíse Promhaidh i Luimneach chomh mór agus a bhíothas ag súil leis agus mar gheall ar laghdú ar chaiteachas taistil agus cothaithe de dheasca shrianta Covid-19 in 2021.

**A.10 An Scéim um Orduithe Seirbhíse Pobail**

*Soláthar meastacháin €3.075 milliún; toradh €2.527 milliún*

Tháinig coigilteas €548,000 chun cinn mar gheall ar roinnt folúntas a bheith ann agus na moilleanna a bhí ann ina dhiaidh sin maidir le poist a líonadh.

**A.12 Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéis agus drochíde sa teaghlach**

*Soláthar meastacháin €4.104 milliún; toradh €3.744 milliún*

Tháinig coigilt €360,000 chun cinn mar go raibh roinnt eintiteas ann nár chaith an maoiniú a leithdháileadh orthu de dheasca phaindéim Covid-19.

**A.13 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**

*Soláthar meastacháin €439,000; toradh €289,000*

Bhí coigilt €150,000 ann mar gheall nár tháinig méadú ar ualach oibre a rabhthas ag súil leis chun fíre in 2021 de bharr moill ar aistriú an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalair chuig a shuíomh nua ar champas na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath. Meastar anois go dtarlóidh sé sin le linn na bliana 2022 agus, mar thoradh air, beidh méadú ar an líon leapacha a bheidh ar fáil d'othair arna gcoinneáil faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a ndéanann an Bord a gcoinneáil a athbhreithniú.

**A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil**

*Soláthar meastacháin €11.016 milliún; toradh €2.301 milliún*

Bhí coigilt €8.715 milliún i gceist i gcomórtas leis an meastachán bunaidh mar gheall, go príomha, ar thrí dhámhachtain mhóra a rinne an Binse nár ghlac na hiarratasóirí leo faoi dheireadh na bliana. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir íocaíochtaí a dhéanamh. Anuas air sin, chuir an Binse ar atráth roinnt éisteachtaí achomhairc sceidealaithe ar cuireadh tús leo in 2021 d'fhonn deis a thabhairt do na hiarratasóirí doiciméid bhreise a chur ar fáil, agus dá réir sin, ní dhearnadh cinneadh ar na cásanna sin le linn na bliana 2021.

**A.15 Cúnamh Dlí – coiriúil**

*Soláthar meastacháin €69 milliún; toradh €73.466 milliún*

Tá an farasbarr caiteachais €4.466 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €69 milliún go mór mór mar gheall ar líon méadaithe na n-íocaíochtaí in 2021. Baineann cuid den mhéadú sin le ceisteanna uainithe sa mhéid is go raibh líon mór íocaíochtaí ar leith a bhain leis an mbliain 2020 i gceist sa chéad ráithe den bhliain 2021 mar gheall ar mhoilleanna próiseála in Oifigí Cúirte a bhain le paindéim Covid-19. Mar sin féin, is scéim éileamhbhunaithe í agus tá méadú ann ar líon na n-éileamh ar íocaíocht i gcás na Cúirte Dúiche, na Cúirte Cuarda agus na hArd-Chúirte ar fad.

**A.16 Cúnamh Dlí – saincheisteanna caomhnóireachta**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €6.031 milliún*

Is mar thoradh, i bpáirt, ar an méadú ar líon agus ar chostas na n-éileamh faoi chásanna eiseachadta agus barántas gabhála Eorpach a bhí farasbarr caiteachais €3.031 milliún ann i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €3 mhilliún. Mar aon leis sin, áirítear riaráistí costas dlíodóra i gcostais na bliana 2021, a íocadh i ndáil le hiarratais áirithe ar bhannaí a ndéantar foráil dóibh chomh maith faoin scéim seo.

**A.17 An Bord Parúil**

*Soláthar meastacháin €1.331 milliún; toradh €589,000*

Tá roinnt mhaith cúiseanna leis an gcoigilt €742,000, lena n-áirítear uainiú bhunú an Bhoird Parúil ar bhonn reachtúil (a tharla ar deireadh ag deireadh mhí Iúil 2021), a raibh coigilteas párolla agus neamhphá mar thoradh air. Choigil an Bord Parúil ar chostais chóiríochta agus ar íocaíochtaí taistil agus cothaithe mar gheall ar thionchar srianta oibríochta bunaithe ar bhearta sláinte poiblí maidir le paindéim Covid-19.

**A.18 Bearta coiscthe coireachta**

*Soláthar meastacháin €1.197 milliún; toradh €1.049 milliún*

Tháinig coigilt €148,000 chun cinn de bharr nár leanadh de roinnt tionscnamh coiscthe coireachta mar a bhíothas ag súil leis le linn na bliana 2021.

**A.20 Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe - múscailt feasachta agus oiliúint**

*Soláthar meastacháin €2.997 milliún; toradh €2.7 milliún*

Tháinig coigilt €297,000 chun cinn mar go raibh roinnt eintiteas ann nár chaith an maoiniú a leithdháileadh orthu de dheasca phaindéim Covid-19 agus de bharr gur thóg sé níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis tionscadail nua a chur i mbun feidhme.

**A.22 Oifig an Phaiteolaí Stáit**

*Soláthar meastacháin €988,000; toradh €1.119 milliún*

Is mar thoradh ar an ngá a bhí ann le paiteolaithe ionaid breise a fhostú chun tacú le seirbhís an Phaiteolaí Stáit le linn na bliana 2021 go príomha a tháinig an farasbarr caiteachais €131,000 chun cinn.

**A.23 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta**

*Soláthar meastacháin €6.324 milliún; toradh €6.658 milliún*

Is mar thoradh ar chostais dlí tríú páirtí den chuid is mó, a bhféadfadh sé a bheith deacair an t-uainiú agus an candam a bhaineann leo a thuar go beacht, a bhí farasbarr caiteachais €334,000 ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €6.324 milliún.

**A.24 Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine)**

*Soláthar meastacháin €9.674 milliún; toradh €8.789 milliún*

Tháinig an choigilt €885,000 chun cinn i ndáil leis an tionscadal "Maoinithe Tosaigh d'Fhiontair Shóisialta" go príomha. Níor seoladh an scéim seo ach amháin i mí na Samhna 2021 agus, dá réir sin, níor baineadh leas iomlán as an maoiniú a leithdháileadh.

## Clár B An Colún Ceartais Shibhialta

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 44,942 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,918 | | | |
| | | | | 49,860 | 49,819 | 46,377 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 29,755 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,149 | | | |
| | | | | 32,904 | 31,177 | 31,037 |
| B.3 | Údarás Láir | | | 135 | 40 | 62 |
| B.4 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | | | 1,001 | 1,000 | 1,000 |
| B.5 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | 2,999 | 2,994 | 2,438 |
| B.6 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | 7,569 | 7,340 | 6,730 |
| B.7 | An tÚdarás Rialála Cearrbhachais | | | 200 | — | — |
| B.8 | An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha | | | 254 | — | — |
| B.9 | An Chomhairle Bhreithiúnach | | | 1,754 | 379 | 365 |
| B.10 | An tSeirbhís Chróinéara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,055 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,000) | | | |
| | | | | 8,055 | 6,904 | 4,500 |
| B.11 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | | | 44,575 | 44,575 | 42,207 |
| B.12 | Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce | | | 294 | 294 | 98 |
| B.13 | Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,933 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,796) | | | |
| | | | | 3,137 | 2,524 | 4,373 |
| B.14 | An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,750 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,054) | | | |
| | | | | 3,696 | 3,369 | 3,305 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| B.15 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 707 | 496 | 505 |
| | | **157,140** | **150,911** | **142,997** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €6.01 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús, in ainneoin róchaiteachas €6.299 milliún i ndáil le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn clár agus is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí an chuid eile den difríocht i gcaiteachas.

**B.7 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais**

*Soláthar meastacháin €200,000; toradh €nialas*

Ní raibh aon chaiteachas i gceist sa bhliain 2021. Cé gur tosaíodh clár foirmiúil chun Údarás Rialála Cearrbhachais a bhunú i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí roinnt moille i gceist de bharr phaindéim Covid-19 agus tá sé fós ina thús faoi láthair. Meastar go dtabhófar caiteachas sa bhliain 2022 le ceapadh Príomhfheidhmeannaigh ainmnithe, a bhfuil an comórtas lena aghaidh ar bun i Ráithe 1 de 2022.

**B.8 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha**

*Soláthar meastacháin €254,000; toradh €nialas*

Ó tharla nach bhfuil an reachtaíocht lena moltar bunú an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha achtaithe fós a tháinig an choigilt chun cinn.

**B.9 An Chomhairle Bhreithiúnach**

*Soláthar meastacháin €1.754 milliún; toradh €379,000*

Is mar thoradh ar na moilleanna a bhí ann foireann a earcú agus moill iarmhartach tacaí lóistíochtúla eile a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2021 a tháinig an choigilt €1.375 milliún chun cinn. Meastar go gcuirfear foireann bhreise agus struchtúir eile i bhfeidhm in 2022, a chuirfidh méadú ar chaiteachas san fho-mhírcheann seo.

**B.10 An tSeirbhís Chróinéara**

*Soláthar meastacháin €13.055 milliún; toradh €6.904 milliún*

Coiglíodh €6.151 milliún i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €13.055 milliún de bharr, go príomha, nár cuireadh tús leis na gnéithe d'Ionchoisne Stardust a bheadh le feiceáil ag an bpobal in 2021, mar a bhí beartaithe. Cé gur faoi Chróinéir Sinsearach Bhaile Átha Cliath atá sé, agus faoi sin amháin, na hionchoisní a sceidealú, meastar go gcuirfear tús leis na gnéithe de na hionchoisní a bheidh le feiceáil ag an bpobal a luaithe is féidir in 2022 fad a bheidh na réamhéisteachtaí riachtanacha a bhí ag dul ar aghaidh le linn 2021 tugtha chun críche.

**B.13 Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €4.933 milliún; toradh €2.524 milliún*

Tháinig coigilt €2.41 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €4.933 milliún. Is mar thoradh ar na srianta a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19 a bhí costais níos lú i gceist do chomhaltaí painéil san Oifig um Chosaint idirnáisiúnta ná mar a bhíothas ag súil leis mar gurbh éigean éisteachtaí agus agallaimh a chur siar agus a athsceidealú ar aon dul le treoirlíne an Rialtais. Baineadh coigiltí amach freisin ó tharla go raibh líon níos lú aisdúichithe agus díbeartha i gceist ná mar a bhíothas súil leis mar gheall ar shrianta taistil agus mar gheall ar chúinsí eile.

**B.14 An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €4.750 milliún; toradh €3.369 milliún*

Tharla an coigilteas €1.381 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.750 milliún go príomha mar gheall ar tháillí laghdaithe comhaltaí an Bhinse in 2021.Tháinig sé sin chun cinn de bharr laghdú i líon na gcásanna a próiseáladh mar thoradh ar bhearta rialaithe Covid-19. Bhí speansais neamhphárolla eile, amhail costais phoist agus costais ateangaireachta, níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis freisin mar gheall ar na leibhéil níos ísle achomharc a próiseáladh i gcomhthéacs shrianta Covid-19.

**B.15 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €707,000; toradh €496,000*

Baineann an choigilt €211,000 go díreach le méid níos ísle gnó a bhain go príomha le DVDanna a chur ar aghaidh lena n-aicmiú agus dúnadh na bpictiúrlann sa chéad leath den bhliain, mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19. Tháinig laghdú ar líon na mball foirne in 2021 freisin, rud a raibh coigilteas mar thoradh air.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí i ndáil le cinsireacht scannán | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 150 | | | |
| | | | | 750 | 822 | 810 |
| 2 | Táillí i ndáil le Cosaint Sonraí | | | — | — | — |
| 3 | Fáltais AE | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | | 21,000 | 21,000 | 9,691 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | | | 573 | 628 | 2,229 |
| 5 | Táillí i ndáil le clárú inimirce | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | | 35,000 | 35,547 | 31,445 |
| 6 | Táillí i ndáil le víosaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (300) | | | |
| | | | | 2,700 | 3,019 | 3,082 |
| 7 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,674 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,400) | | | |
| | | | | 8,274 | 8,734 | 6,598 |
| 8 | Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | | | 2,564 | 2,565 | 2,643 |
| 9 | Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,600) | | | |
| | | | | 10,400 | 9,983 | 8,852 |
| 10 | Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | | | |
| | | | | 1,050 | 1,050 | — |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 11 | Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 250 | | | |
| | | | 2,250 | 2,250 | 2,210 |
| 12 | Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | 680 | 499 | 767 |
| 13 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,214 | | | |
| | *Forlíontach* | 946 | | | |
| | | | 4,160 | 4,416 | 3,865 |
| | **Iomlán** | | **89,401** | **90,513** | **72,192** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €13.9 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Léirítear é sin sa leithdháileadh méadaithe €12.796 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil. Is mar gheall ar ghlanéifeacht na ndifríochtaí seo a leanas go príomha atá farasbarr ann i bhfáltais.

1 **Táillí i ndáil le cinsireacht scannán**

*Measta €600,000; réadaithe €822,000*

Bhain an farasbarr i bhfáltais go príomha le méadú ar líon na scannán a cuireadh ar aghaidh lena n-aicmiú sa dara leath den bhliain, rud a raibh baint dhíreach aige le hathoscailt na bpictiúrlann.

3 **Fáltais AE**

*Measta €13 mhilliún; réadaithe €21 milliún*

Ba mar gheall, go príomha, gur cuireadh fáltais bhreise Chiste Sóisialta na hEorpa ar fáil tríd an Údarás Bainistíochta, arb é an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta é, a bhí fáltais bhreise AE €8 milliún i gceist. Ba thoradh é seo, den chuid is mó, ar an méadú sa ráta cómhaoinithe a aontaíodh le hAE de dheasca na paindéime d’éilimh a cuireadh isteach idir an 1 Iúil 2020 agus an 30 Meitheamh 2021.

5 **Táillí i ndáil le clárú inimirce**

*Measta €28 milliún; réadaithe €35.547 milliún*

D'eascair farasbarr fáltas €7.547 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastachán bunaidh €28 milliún. Is féidir le fáltais faoin gcatagóir seo a bheith dothuartha, in ainneoin thionchar phaindéim Covid-19, mar is féidir iad a bheith faoi réir roinnt athróg, lena n-áirítear an timpeallacht eacnamaíoch. Bhí drochthionchar ag dúnadh na hOifige Clárúcháin i mBaile Átha Cliath ar feadh tréimhse in 2021 ar tháillí clárúcháin. Mar sin féin, bhí rath leanúnach an Chórais Athnuachana Clárúcháin ar Líne d’iarratais lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus athoscailt na hOifige Clárúcháin i mBealtaine 2021, níos túisce ná mar a tuaradh i dtosach, ar na príomhchúiseanna leis an bhfarasbarr i bhfáltais. Bhí líon níos mó iarratas i gceist ná mar a measadh i gcás iarratasóirí céaduaire agus i gcás athnuachaintí araon. Leanadh de chlárú agus d’athnuachan a dhéanamh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, a ndéanann Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB) iad a riar, i rith na paindéime mar go raibh Stáisiúin Gardaí fós oscailte.

7 **Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Measta €9.674 milliún; réadaithe €8.734 milliún*

Tháinig easnamh €940,000 i bhfáltais chun cinn, go príomha mar nár tarraingíodh anuas go hiomlán maoiniú don tionscadal Maoinithe Tosaigh d’Fhiontair Shóisialta. Seoladh an scéim níos déanaí sa bhliain ná mar a bhíothas ag súil leis i dtosach.

9 **Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta**

*Measta €12 mhilliún; réadaithe €9.983 milliún*

Tháinig easnamh €2.017 milliún chun cinn i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €12 mhilliún. Ní raibh sé indéanta searmanais i bpearsa a reáchtáil sa bhliain 2021 de dheasca shrianta Covid-19 agus, mar sin, cuireadh próiseas nua i bhfeidhm i rith na bliana trínar dhearbhaigh iarratasóirí dílseacht don Stát trí mhionnscríbhinn a shíniú. Leis an bpróiseas sin, bhíothas ábalta breis is 11,500 cinneadh a eisiúint, agus níos mó ná 9,000 Deimhniú Eadóirseachta á mbronnadh ar iarratasóirí. Mar sin féin, ba mar gheall ar ráta glactha níos ísle d’iarratasóirí réamhcheadaithe faoi phróiseas na mionnscríbhinne i gcomparáid leis na searmanais i bpearsa, go príomha, a bhí easnamh in ioncam i gceist.

**10 Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla**

*Measta €1.3 milliún; réadaithe €1.050 milliún*

Léiríonn an t-easnamh maoinithe €250,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh méid an fhorchúitimh a bhí an tÚdarás in ann a dhéanamh in 2021. Bhain na fáltais iomlána le réamhíocaíocht maoinithe €1 mhilliún a cuireadh ar fáil i ndáil le 2021 agus €50,000 i ndáil le réamhíocaíochtaí maoinithe roimhe sin. Maoinítear an tÚdarás go príomha trí thobhach na gairme dlí (aturnaetha agus abhcóidí) a leagtar amach i gCuid 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Acht 2015).

**11 Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine**

*Measta €2 mhilliún; réadaithe €2.250 milliún*

Léiríonn an t-easnamh maoinithe €250,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh méid an fhorchúitimh a bhí an tÚdarás in ann a dhéanamh. Dá bhrí sin, sheas an t-ioncam ceadúnais an bhliain níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis in 2021.

**12 Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**

*Measta €680,000; réadaithe €499,000*

Is mar gheall ar tháillí féimheachta €167,000 nár ceadaíodh ach amháin ag deireadh na bliana 2021 agus a tugadh chun cuntais mar leithreasaí-i-gcabhair i dtús na bliana 2022 a bhí an t-easnamh €181,000 i gceist.

**13 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €3.214 milliún; réadaithe €4.416 milliún*

Baineann an farasbarr €1.202 milliún i bhfáltais go díreach le costais párolla, agus iad níos airde ná mar a bhíothas súil leis.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 26 | 25 |
| Suim a bailíodh | 37 | 26 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (26) | (25) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **37** | **26** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Roinn | 1,578 | 1,386 |
| Gníomhaireachtaí | 1,472 | 1,406 |
| Iomlán | **3,050** | **2,792** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 70,935 | 66,404 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 182 | 202 |
| Liúntais eile | 2,433 | 2,099 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 568 | 773 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,199 | 5,573 |
| **Pá iomlán [a]** | **80,317** | **75,051** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, A.23 agus B.1.

**Luach Saothair foirne Gníomhaireachta**

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 83,911 | 76,275 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 111 | 104 |
| Liúntais eile | 2,993 | 3,027 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,644 | 1,563 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,689 | 5,188 |
| **Pá iomlán [a]** | **94,348** | **86,157** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.10, A.17, A.19, A.21, A.22, B.4, B.5, B.6, B.9, B.10, B.11, B.13, B.14 agus B.15.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 28 | 6 | 39,739 | 28,528 |
| Ragobair nó tinreamh breise | 220 | 16 | 23,379 | 40,990 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 206 | 17 | 13,440 | 13,011 |
| Ilghnéitheach | 239 | 11 | 23,657 | 20,614 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 223 | 125 | 30,512 | 27,514 |
| **Foireann Ghníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 16 | 5 | 24,291 | 23,239 |
| Ragobair nó tinreamh breise | 54 | 7 | 19,273 | 19,384 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | — | — | — | — |
| Ilghnéitheach | 249 | 39 | 23,845 | 18,846 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 24 | 12 | 33,430 | 35,201 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €94,354 san iomlán le 16 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2021. Chomh maith leis sin, íocadh €111,384 le 14 iarsheirbhíseach phoiblí a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2021. Cuireadh an riail um laghdú pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

Íocadh €2,137,420 san iomlán trí phárolla le 177 nduine aonair i ndáil le dualgais a comhlíonadh ar bhoird, coistí agus coimisiúin éagsúla, etc.

Áirítear sa chuntas caiteachas arbh fhiú tuairim is €291,600 é i ndáil le ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 13 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí [a] | 127 | 554,435 | 677,900 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 67 | 347,703 | 331,812 |

Rinneadh 11 phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le naonúr aonair, arbh ionann a luach agus €10,025, a aistriú chuig seacht gcinn de ranna/oifigí rialtais sa bhliain 2021.

Nóta [a] Ní áirítear san fhigiúr seo suimeanna ró-íocaíochta do 15 fhostaí (2020: 19 bhfostaí) ar ina leith atá an tsuim atá dlite fós le ríomh.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta ar bith le baill foirne le linn na bliana 2021.

## 5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád an Ard-Rúnaí, Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €203,167 ag baint leis an ról (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2021 | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Coimisiúin bhuana** | | | | |
| An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a] | 1974 | | 298 | 154 |
| **Coimisiúin chuspóra shocraithe** | | | | |
| Binse Morris [b] | 2002 | 68,784 | 4 | 5 |
| Suíomh Taisí Íospartach [c] | 2007 | 8,149 | 79 | 218 |
| An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 [d] | 2014 | 2,039 | 319 | 335 |
| An Binse um Nochtaí Cosanta[e] | 2017 | 14,552 | 4,926 | 4,331 |
| An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [f] | 2017 | 131 | 24 | 27 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [g] | 2018 | 1,742 | 660 | 908 |
| Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile [h] | 2019 | 504 | 194 | 159 |
| Shane O'Farrell – athbhreithniú scópála ar chúinsí a bhain lena bhás [i] | 2019 | 423 | 154 | 269 |
| | | **96,324** | **6,658** | **6,406** |

Nóta

[a] Beidh na costais a bhaineann leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla fós i gceist mar go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus tá líon suntasach iarratas faoin scéim le breithniú.

[b] Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus foilsíodh tuarascáil deiridh an Bhinse sa bhliain 2008. Is ionann costas an Bhinse go dtí seo agus beagnach €68.8 milliún, agus tuairim is €4,000 á gcaitheamh ar mhionchostais riaracháin ina leith sa bhliain 2021.

[c] Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí triúr íospartach fós le haimsiú. Baineann formhór na gcostas le tochailt chun teacht ar thaisí sa chás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil dó i leith na n-íospartach ar leosan na taisí atá á lorg aige. Tabhaíodh caiteachas thart ar €79,000 sa bhliain 2021. Íocadh níos mó ná leath na suime sin i leith costais leanúnacha riaracháin (lena n-áirítear íocaíochtaí leis na himscrúdaitheoirí), agus bhain an chuid eile le cuardaigh agus le hobair athshlánaithe. Fágann sé sin gur caitheadh beagán faoi bhun €8.15 milliún san iomlán go dtí seo, agus meastar go mbeidh íocaíochtaí breise i gceist.

[d] I ndiaidh obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán sa bhliain 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun cúig imscrúdú Garda ar leith a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Tháinig deireadh le dhá cheann de na fiosrúcháin sin i mí Aibreáin 2018, tháinig ceann eile chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2020, tháinig ceann eile arís chun críche i mí Dheireadh Fómhair,2021 agus tá an ceann eile fós ar siúl. Tabhaíodh caiteachas thart ar €319,000 sa bhliain 2021.

[e] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017 agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse i ndiaidh don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste an tráth sin inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh drochiompar ar siúl i measc an Gharda Síochána. Chuir an Breitheamh Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Tabhaíodh caiteachas €2.753m maidir leis an modúl sin sa bhliain 2021. Ní féidir meastachán cruinn a thabhairt ar chostas iomlán chéad mhodúl an Bhinse mar go mbeidh sé ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear candam na gcostas dlí tríú páirtí atá fágtha, a meastar go n-íocfar iad sa bhliain 2022.

Ghlac an Breitheamh Onórach Seán Ryan lena cheapachán i mí na Nollag 2018 chun tabhairt faoin bhfiosrúchán ar na téarmaí tagartha atá fágtha agus dá bhforáiltear leis an ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Thug an Breitheamh Ryan an ceathrú tuarascáil eatramhach i ndáil leis an nGarda Nicholas Keogh chun críche i mí Iúil 2021. Meastar go dtabharfaidh an Binse éisteachtaí a bhaineann le beirt chomhaltaí eile den Gharda Síochána chun críche sa chéad leath den bhliain 2022 agus meastar go gcuirfidh an Binse an cúigiú tuarascáil eatramhach uaidh ar na cásanna sin ar aghaidh ag deireadh na bliana 2022.

Rinne an Breitheamh Ryan orduithe ar chostais maidir le Modúl 2 i mí Iúil 2021, ach níor cuireadh an bille ina leith sin chuig an Roinn go fóill.

Tabhaíodh caiteachas €2.173m maidir leis an modúl sin sa bhliain 2021.

[f] Bunaíodh an Coimisiún um Thuairisciú Neamhspleách (CTN) sa bhliain 2017, agus rún ann é a reáchtáil ar feadh tréimhse cúig bliana go 2021. Is comhlacht trasteorann é a bhfuil ceathrar comhaltaí air agus a bunaíodh faoi Chomhaontú Tús Nua na bliana 2015. Bíonn sé i mbun comhairliúcháin leathana chun tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh i dTuaisceart Éireann maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe i gcoinne gach cineáil paraimíleatachais. Cuireadh an tríú tuarascáil ón gCoimisiún um Thuairisciú Neamhspleách faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Samhna 2020.

[g] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara. Bunaíodh an Coimisiún chun a shuí cá mhéad eolais, más ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí ar na cionta a rinne Bill Kenneally, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Chaitliceach Rómhánach Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana áirithe sa pholaitíocht sa tréimhse ama lena mbaineann. Cé go rabhthas ag súil ar dtús go mbeadh an Coimisiún ar siúl ar feadh bliana ar chostas tuairim is €1.3 milliún, bhí an obair ullmhúcháin tosaigh níos suntasaí ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019, ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle le páirtithe. D’éirigh an Breitheamh Onórach Barry Hickson as a phost sa Choimisiún le héifeacht ón 30 Meitheamh 2021, agus an Breitheamh Onórach Michael White ag teacht isteach ina áit.

[h] Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt ag an am grúpa chun tabhairt faoi Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile i mí na Bealtaine 2019. Thug an grúpa faoi thaighde agus chuaigh sé i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhaireachtaí Stáit, baill teaghlaigh íospartach agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna). Meastar go gcuirfear tuarascáil deiridh an ghrúpa faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt go gairid.

[i] I mí Eanáir 2019, cheap an tAire Dlí agus Cirt ag an am Gerard Haughton, Breitheamh ar scor den Chúirt Dúiche, chun tabhairt faoi chleachtadh scópála ar roinnt gnéithe a bhí i gceist le cúinsí a bhain le bás Shane O’Farrell. Tá obair an Bhreithimh Haughton ar an gcleachtas scópála ag dul ar aghaidh agus meastar go dtabharfar an tuarascáil chun críche i mbliana.

## 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €407,245 (2020: €69,372) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chúnamh Dlí do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim seo maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,924,800 (2020: €1,980,621) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chomhairle Cúnamh Dlí i Stáisiún na nGardaí. Déantar foráil faoin scéim seo go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha sa chás go gcoimeádfar duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar choir agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach mbeadh an duine sin in acmhainn íoc as a leithéid de chomhairliúchán.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €489,426 (2020: €158,560) iad maidir le 11 chás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

Rinne an tSeirbhís Chróinéara íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,358 (2020: €20,308) iad i ndáil leis an gcostas a bhain le hionadaíocht dlí ag ionchoisne ar bhás duine faoi choimeád an Stáit.

## 6.3 Ciste na dTionscnamh Frithdhrugaí

Fuarthas €350,183 (2020: €365,425) ó Chiste na dTionscnamh Frithdhrugaí agus tugtar cuntas ar an tsuim sin trí chuntas fionraí. Cuirtear an maoiniú ar fáil faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sé le roinnt tionscadal atá faoi úinéireacht Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, ar tionscnaimh iad a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh.

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn**

| | Éilimh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2021** | **2020** |
| **Líon cásanna** | 5 | 550 | 555 | 395 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | 2 | 309 | 311 | 307 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 82 | 409 | 491 | 1,311 |
| Costais dlí | 19 | 11,658 | 11,677 | 10,363 |
| Costais eile | 5 | 39 | 44 | — |
| **2021 Iomlán** | **108** | **12,415** | **12,523** [a] | **11,981** |
| 2020 Iomlán | 73 | 11,908 | 11,981 | |

Nótaí

[a] Baineann €9.89m (79%) den tsuim iomlán €12.523 milliún le réimsí inimirce na Roinne. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí, lena n-áirítear feidhm reachtaíochta coiriúla na Roinne, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus an tSeirbhís Phromhaidh.

[b] Ag an 31 Nollaig 2021, meastar go bhfuil 629 gcás ann atá fós le réiteach. Níl fáil éasca ann ar an bhfigiúr comparáideach don bhliain 2020.

[c] Déantar costais a aisíoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar shonraisc thréimhsiúla a fháil agus déantar costais ar bith a bhaineann le cásanna a réitíodh gar do dheireadh na bliana roimhe a aisíoc ar shonraisc a fháil sa bhliain nua airgeadais. Níl fáil éasca ann ar shonraí maidir le costais ar bith atá fós le híoc ag deireadh na bliana.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2021**

| | Éilimh ag | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| **Líon cásanna** | 5 | 522 | 527 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | 2 | 86 | 88 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | |
| Cúiteamh | 82 | 409 | 491 |
| Costais dlí | 19 | 11,654 | 11,673 |
| Costais eile | 5 | 14 | 19 |
| **Iomlán** | **108** | **12,163** | **12,271** |

Nóta [a] De ghnáth, bíonn tionchar ag an gcostas iomlán tráth an réitigh i mbliain an réitigh. Is é seo an seasamh go mór mór i dtaobh na gcásanna inimirce arb ionann iad agus formhór an chaiteachais sa réimse seo..

## 6.5 Maoiniú AE [a]

Áirítear sna torthaí atá taispeánta i bhFo-mhírchinn A.9, A.11 agus B.13 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le fáltais agus na torthaí iarbhír.

| Cur síos ar an bhfo-mhírcheann: | Meastachán €000 | 2021 Toradh €000 | 2020 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (CICF) 2014 – 2020 (CSE) | 21,000 [b] | 21,000 | 8,022 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) 2014 – 2020 [c] | — | 2,700 [d] | 1,577 |
| Fáltais eile AE | — | — | 92 |
| | **21,000** | **23,700** | **9,691** |

Nótaí

a Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú freisin ó AE sa bhliain 2021. Déantar an maoiniú sin a riar trí chuntais fionraí.

b €13 mhilliún an meastachán bunaidh ach ardaíodh chuig €21 mhilliún é trí phróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh theicniúil (féach Cuid 4.3, fo-mhírcheann 3).

c Fuarthas suim €8.763 milliún mar mhaoiniú AE faoi Chlár Chistí SOLID de chuid AE don tréimhse 2007-2013. Den tsuim sin, mheas iniúchóirí AE €1.003 milliún a bheith neamh-incháilithe. Bhí trí shruth maoinithe shonracha i gceist - An Ciste Eorpach Lánpháirtíochta, an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe agus an Ciste Eorpach um Fhilleadh. Ba é an phríomhchúis leis an gcaiteachas neamh-incháilithe ná nach raibh doiciméid tacaíochta leordhóthanacha ar fáil i ndáil le hidirbhearta áirithe ó chomhlachtaí maoinithe, lena n-áirítear i ndáil le trí thionscadal a díscaoileadh le linn thréimhse an chláir in 2013 nó go gairid ina dhiaidh sin. Dá réir sin, bhí deacracht i gceist maidir le doiciméid bhreise a fháil le linn an iniúchta. Mar gur réamhtheachtaí den Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) atá ann anois é an clár seo, is dócha go gcuirfear laghdú €1,002,546 ar mhaoiniú faoin gclár seo amach anseo. Tabharfar an cheist seo chun críche le linn na bliana 2022 i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a bhfuil an ciste seo á riar aici anois. Ní mheastar go dtiocfaidh cás den sórt sin aníos arís mar gheall ar na próisis agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus atá á riar anois ag Aonad Chistí an Aontais Eorpaigh a bunaíodh sa Roinn in 2016.

d Aistríodh freagracht as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le linn na bliana 2020. I mí na Nollag 2021, áfach, taisceadh fáltas faoin gciste seo sa chuntas bainc de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Sealbhaíodh i gcuntas fionraí é agus cuireadh ar ais chuig an Roinn cheart é ag tús na bliana 2022 (féach Cuid 2.7 Iarmhéideanna sochair eile).

## 6.6 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2021 comhdhéanta de choigilteas €5.122 milliún i gcaiteachais chaipitil i bhfo-mhírcheann A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/ Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 2020 | 17 Nollaig 2021 | 29 Nollaig 2021 | 28 Feabhra 2022 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 2020 | 29 Deireadh Fómhair 2021 | 5 Samhain 2021 | 16 Nollaig 2021 |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 2020 | 21 Nollaig 2021 | 18 Eanáir 2022 | 11 Márta 2022 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 2020 | 21 Nollaig 2021 | 8 Feabhra 2022 | Ar Feitheamh |
| An tÚdarás Slándála Príobháidí | 2020 | 2 Meitheamh 2021 | 16 Meitheamh 2021 | 22 Deireadh Fómhair 2021 |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2020 | 31 Bealtaine 2021 | 2 Meitheamh 2021 | 17 Meán Fómhair 2021 |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | 2020 | 15 Nollaig 2021 | 25 Feabhra 2022 | Ar Feitheamh |